Uimhir 5 *de* 2007

AN tACHT UM RIALÁIL LEICTREACHAIS (LEASÚ) (MARGADH LEICTREACHAIS AONAIR) 2007

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt

1. Lua agus tosach feidhme.
2. Mínithe.
3. Leasú ar alt 2 d'Acht 1999.
4. An Coiste Margaidh Leictreachais Aonair.
5. An Coimisiún agus socruithe oibre i leith an Mhargaidh Leictreachais Aonair.
6. Leasú ar Alt 9 d'Acht 1999.
7. Feidhm an Choimisiúin i ndáil leis an Margadh Leictreachais Aonair.
8. Srian le faisnéis a nochtadh.
9. Príomhchuspóir agus feidhmeanna an Aire, an Choimisiúin agus an Choiste MLA le linn a gcuid feidhmeanna a chomhall i ndáil leis an Margadh Leictreachais Aonair.
10. Feidhmeanna a fheidhmiú maidir leis an Margadh Leictreachais Aonair.
11. Leasú ar alt 10A d'Acht 1999.
12. Ceadúnais.
13. Cumhacht idirthréimhseach chun modhnú a dhéanamh ar choinníollacha ceadúnais maidir leis an Margadh Leictreachais Aonair, etc.
14. Muirir Oibritheora Margaidh.
15. Meastachán ar chumas, sreabhadh tuartha agus luchtú.
16. Modhnuithe ar cheadúnais agus ar údaruithe agus sáruithe ar théarmaí agus ar choinníollacha ceadúnais.

17. Socruithe agus comhaontuithe a bhaineann leis an gcóras tarchurtha agus le Gréasáin Tarchurtha Uile-Oileáin.

18. Leasú ar Sceideal 1 a ghabhann le hAcht 1999.

19. Sceideal 1A (An Coiste Margaidh Leictreachais Aonair) a chur ag gabháil le hAcht 1999.

20. Leasú ar alt 6 den Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006.

AN SCEIDEAL

SCEIDEAL 1A A GHABHANN LE HACHT 1999

———————

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

Na hAchtanna um Rialáil Leictreachais agus Gáis 1999 go 2002	
An tAcht um Rialáil Leictreachais 1999	1999, Uimh. 23
An tAcht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006	2006, Uimh. 40

Uimhir 5 *de* 2007

AN tACHT UM RIALÁIL LEICTREACHAIS (LEASÚ) (MARGADH LEICTREACHAIS AONAIR) 2007

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AN ACHTA UM RIALÁIL LEICTREACHAIS 1999 CHUN SOCRÚ A DHÉANAMH MAIDIR LE MARGADH MÓRDHÍOLA LEICTREACHAIS IOMAÍOCH AONAIR A BHUNÚ AGUS A OIBRIÚ AR OILEÁN NA hÉIREANN MAR AON LENA OILEÁIN AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[5 *Márta*, 2007]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Lua agus tosach feidhme.

1.—(1) Féadfar an tAcht um Rialáil Leictreachais (Leasú) (Margadh Leictreachais Aonair) 2007 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Mínithe.

2.—San Acht seo—

ciallaíonn "Acht 1999" an tAcht um Rialáil Leictreachais 1999;

ciallaíonn "Aire" an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

Leasú ar alt 2 d'Acht 1999.

3.—Leasaítear alt 2 d'Acht 1999—

(*a*) i bhfo-alt (1) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

"ciallaíonn 'Údarás' Údarás Thuaisceart Éireann um Rialáil Fóntas;

ciallaíonn 'Rialacháin an Mhargaidh Inmheánaigh' Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas) 2000 agus 2005;

ciallaíonn 'an Roinn' an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta i dTuaisceart Éireann;

ciallaíonn 'an Meabhrán Comhthuisceana' an Meabhrán Comhthuisceana a bhaineann le margadh mórdhíola leictreachais iomaíoch aonair a bhunú agus a oibriú sa Stát agus i dTuaisceart Éireann a rinne Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus a síníodh thar ceann Rialtas na hÉireann an 5 Nollaig 2006 agus thar ceann Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann an 6 Nollaig 2006;

ciallaíonn 'soláthróir leictreachais poiblí' sealbhóir ceadúnais faoi alt 14(1)(*h*);

ciallaíonn 'an Coiste MLA' an coiste dá dtagraítear in Alt 8A;

forléireofar 'ní a bhaineann le MLA' de réir alt 8A(5);

ciallaíonn 'an Margadh Leictreachais Aonair' na socruithe nua sa Stát agus i dTuaisceart Éireann—

(*a*) a thuairiscítear sa Mheabhrán Comhthuisceana, agus

(*b*) atá ceaptha chun bunú agus oibriú margaidh mórdhíola leictreachais iomaíoch aonair sa Stát agus i dTuaisceart Éireann a chur chun cinn;

ciallaíonn 'oibritheoir Margaidh Leictreachais Aonair' sealbhóir ceadúnais faoi alt 14(1)(*j*) nó duine atá díolmhaithe ón gceanglas ceadúnas den sórt sin a shealbhú;",

agus

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) (*a*) D'ainneoin an mhínithe ar 'Roinn' i bhfo-alt (1), i gcás go mbeidh feidhmeanna leictreachais na Roinne Fiontar, Trádála agus Infheistíochta i dTuaisceart Éireann infheidhmithe, faoin dlí atá i bhfeidhm de thuras na huaire i dTuaisceart Éireann, ag aon Roinn, Aireacht nó údarás eile, déanfar tagairtí don Roinn san Acht seo a fhorléiriú mar thagairtí don Roinn, don Aireacht nó don údarás eile sin, de réir mar a bheidh.

(*b*) D'ainneoin an mhínithe ar 'Údarás' i bhfo-alt (1), i gcás go bhfuil feidhmeanna leictreachais an Údaráis, faoin dlí atá i bhfeidhm de thuras na huaire i dTuaisceart Éireann, infheidhmithe ag aon údarás eile, Roinn, Aireacht, duine nó comhlacht reachtúil, déanfar tagairtí don Údarás san Acht seo a fhorléiriú mar thagairtí don údarás eile, Roinn, Aireacht, duine nó comhlacht reachtúil sin, de réir mar a bheidh.

(*c*) San fho-alt seo, tá le 'feidhmeanna leictreachais' an bhrí chéanna atá leis in Airteagal 9 den Ordú Leictreachais (Margadh Mórdhíola Aonair) (Tuaisceart Éireann) 2007.".

An Coiste Margaidh Leictreachais Aonair.

4.—Leasaítear Acht 1999 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 8:

"An Coiste Margaidh Leictreachais Aonair.

8A.—(1) Beidh coiste den Choimisiún ann ar a dtabharfar an Coiste Margaidh Leictreachais Aonair nó an Coiste MLA.

(2) Is é a bheidh ar an gCoiste MLA cibé comhaltaí a bheidh arna gceapadh air ó am go ham.

(3) Tá feidhm ag Sceideal 1A maidir leis an gCoiste MLA.

(4) Maidir le haon chinneadh i dtaobh feidhm iomchuí de chuid an Choimisiúin a fheidhmiú i ndáil le ní a bhaineann le MLA, is é an Coiste MLA a dhéanfaidh é thar ceann an Choimisiúin.

(5) Chun críocha an Achta seo is ní a bhaineann le MLA aon ní más rud é go gcinnfidh an Coiste MLA go ndéanann feidhmiú feidhme iomchuí de chuid an Choimisiúin i ndáil leis an ní sin difear ábhartha, nó gur dóigh go ndéanfaidh an feidhmiú sin difear ábhartha, don Mhargadh Leictreachais Aonair.

(6) Chun críocha an ailt seo ciallaíonn 'feidhm iomchuí'—

(*a*) feidhm faoin Acht seo a bhaineann le leictreachas,

(*b*) feidhm faoi Rialacháin an Mhargaidh Inmheánaigh.".

An Coimisiún agus socruithe oibre i leith an Mhargaidh Leictreachais Aonair.

5.—(1) Leasaítear Acht 1999 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 8A (a cuireadh isteach le *halt 4* den Acht seo):

"An Coimisiún agus socruithe oibre i leith an Mhargaidh Leictreachais Aonair.

8B.—(1) Foilseoidh an Coimisiún ráiteas—

(*a*) ina leagfar amach na nósanna imeachta agus na socruithe oibre arna nglacadh ag an gCoimisiún chun a chinntiú go gcomhlíonfar alt 8A(4), agus

(*b*) ina dtabharfar tuairisc i dtaobh conas a oibreoidh an Coimisiún i dteannta an Údaráis i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna reachtúla faoi seach i ndáil leis an Margadh Leictreachais Aonair.

(2) Féadfar ráiteas faoin alt seo a leasú ó am go ham agus déanfaidh an Coimisiún an ráiteas arna leasú amhlaidh a fhoilsiú a luaithe is indéanta dá éis sin.".

Leasú ar Alt 9 d'Acht 1999.

6.—Leasaítear alt 9 d'Acht 1999—

(*a*) trí "fo-alt (1D) agus alt 9BA(3)" a chur in ionad "fo-alt (1D)" i bhfo-alt (1E), agus

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

"(5A) Más rud é go bhfuil an Margadh Leictreachais Aonair i ngníomh, ní bheidh feidhm ag fo-ailt (3), (4) ná (5) maidir le ní is ní a bhaineann le MLA.".

Feidhm an Choimisiúin i ndáil leis an Margadh Leictreachais Aonair.

7.—Leasaítear Acht 1999 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 9B:

"Feidhmeanna an Choimisiúin i ndáil leis an Margadh Leictreachais Aonair.

9BA.—(1) I dteannta na bhfeidhmeanna a thugtar dó le halt 9, beidh sé mar fheidhm ag an gCoimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás, gach beart is gá a dhéanamh (lena n-áirítear rialacháin a dhéanamh faoi fho-alt (2) a mbeidh éifeacht leo sa Stát i dtaca leis sin) chun oibriú an Mhargaidh Leictreachais Aonair a bhunú agus a éascú, lena n-áirítear Cód Trádála agus Socraíochta i ndáil leis an margadh sin.

(2) (*a*) Féadfaidh an Coimisiún rialacháin a dhéanamh chun críocha fho-ailt (1) agus (3).

(*b*) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (*a*), féadfar le rialacháin faoi fho-alt (1)—

(i) faoi réir mhír (iii), a cheangal ar gach duine a shealbhaíonn ceadúnas faoi alt 14(1)(*a*) go (*d*) agus (*h*) cibé leictreachas a ghinfidh an duine sin nó a bheidh ar fáil don duine sin lena sholáthar a chur ar fáil lena thrádáil faoin Margadh Leictreachais Aonair,

(ii) méid leictreachais a fhorordú chun bheith ina chainníocht tairsí (a shloinnfear ina mheigeavatanna) chun críocha mhír (iii) agus féadfar méideanna éagsúla a fhorordú leo i ndáil le haicmí éagsúla sealbhóra ceadúnais,

(iii) a fhoráil go bhféadfaidh duine a shealbhóidh ceadúnas faoi alt 14 agus nach nginfidh méid leictreachais is mó ná an chainníocht tairsí iomchuí cibé leictreachas a ghinfidh an duine sin a chur ar fáil lena thrádáil faoin Margadh Leictreachais Aonair, ach nach gceanglófar air nó uirthi déanamh amhlaidh.

(3) Le linn dó an fheidhm dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a chomhlíonadh, déanfaidh an Coimisiún faireachán ar oibriú agus ar éifeachtacht an Mhargaidh Leictreachais Aonair, lena n-áirítear feidhmeanna an Mhargaidh Leictreachais Aonair, agus déanfaidh sé an céanna a mhaoirsiú agus a choimeád faoi athbhreithniú, agus féadfaidh sé rialacháin a dhéanamh faoi fho-alt (2) i ndáil leis an Margadh Leictreachais Aonair.".

Srian le faisnéis a nochtadh.

8.—Leasaítear Acht 1999 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 9BA (a cuireadh isteach le *halt 7* den Acht seo):

"Srian le faisnéis a nochtadh.

9BB.—(1) (*a*) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le faisnéis a fuair an tAire nó an Coimisiún, is faisnéis a tugadh don duine sin faoi na nithe seo a leanas nó dá mbua—

(i) aon fhoráil de dhlí Thuaisceart Éireann atá ar comhréir le foráil faoin Acht seo (lena n-áirítear coinníoll i gceadúnas, i ndíolúine nó in údarú arna dheonú nó arna deonú faoi) nó Rialacháin an Mhargaidh Inmheánaigh, nó

(ii) ceadúnas, díolúine nó údarú arna dheonú nó arna deonú i dTuaisceart Éireann ag an Roinn, is ceadúnas, díolúine nó údarú atá ar aon dul le ceadúnas, díolúine nó údarú a fhéadfaidh an Coimisiún a dheonú faoin Acht seo.

(*b*) Faoi réir mhír (*c*), ní dhéanfaidh faighteoir faisnéise lena mbaineann an fo-alt seo an fhaisnéis a nochtadh ná a fhoilsiú mura rud é—

(i) go gceanglaítear ar an duine sin nó go gceadaítear dó nó di an fhaisnéis sin a nochtadh—

(I) faoi aon achtachán nó dá bhua, nó

(II) le hordú ó Chúirt atá ag feidhmiú a dlínse,

nó

(ii) go ndéantar an nochtadh nó an foilsiú sin chun comhlíonadh aon cheann d'fheidhmeanna an duine sin faoin Acht seo a éascú.

(*c*) Féadfaidh an tAire agus an Coimisiún, a mhéid a chreideann gach n-aon acu gur gá nó gur fóirsteanach, ar mhaithe

leis an Margadh Leictreachais Aonair a oibriú go héifeachtach, faisnéis a chomhroinnt le cibé daoine a fheidhmíonn feidhm i dTuaisceart Éireann i ndáil le leictreachas, is feidhm a fhreagraíonn d'aon cheann d'fheidhmeanna an Choimisiúin nó an Aire—

(i) faoi na hAchtanna um Rialáil Gáis agus Leictreachais 1999 go 2002, nó

(ii) faoi Rialacháin an Mhargaidh Inmheánaigh,

lena n-áirítear faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de, agus faisnéis arna tabhairt don duine sin ag sealbhóir ar cheadúnas nó ar dhíolúine faoi alt 14 nó ag sealbhóir ar údarú faoi alt 16.

(2) (*a*) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le faisnéis a fuair sealbhóir ar cheadúnas, ar dhíolúine nó ar údarú, is faisnéis a tugadh don duine sin faoi na nithe seo a leanas nó dá mbua—

(i) an tAcht seo (lena n-áirítear coinníoll i gceadúnas, i ndíolúine nó in údarú arna dheonú nó arna deonú faoi),

(ii) Rialacháin an Mhargaidh Inmheánaigh,

(iii) aon fhoráil chomhréire de dhlí Thuaisceart Éireann, nó

(iv) ceadúnas, díolúine nó údarú arna dheonú nó arna deonú i dTuaisceart Éireann ag an Roinn, is ceadúnas, díolúine nó údarú atá ar aon dul le ceadúnas, díolúine nó údarú a fhéadfaidh an Coimisiún a eisiúint faoin Acht seo.

(*b*) Ní dhéanfaidh faighteoir faisnéise lena mbaineann an fo-alt seo an fhaisnéis a nochtadh ná a fhoilsiú, mura rud é go gceanglaítear ar an duine sin an fhaisnéis sin a nochtadh nó a fhoilsiú—

(i) mar gheall ar choinníoll i gceadúnas, i ndíolúine nó in údarú,

(ii) faoi aon achtachán nó dá bhua, nó

(iii) le hordú ó Chúirt atá ag feidhmiú a dlínse.".

Príomhchuspóir agus feidhmeanna an Aire, an Choimisiúin agus an Choiste MLA le linn a gcuid feidhmeanna a chomhall i ndáil leis an Margadh Leictreachais Aonair.

9.—Leasaítear Acht 1999 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 9BB (arna chur isteach le *halt 8* den Acht seo):

"Príomhchuspóir agus feidhmeanna an Aire, an Choimisiúin agus an Choiste MLA le linn a gcuid feidhmeanna a chomhall i ndáil leis an Margadh Leictreachais Aonair.

9BC.—(1) Is é príomhchuspóir—

(*a*) an Aire le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna leictreachais a chomhall i ndáil le nithe a mheasann an tAire a dhéanfaidh, nó is dóigh a dhéanfaidh, difear ábhartha don Mhargadh Leictreachais Aonair,

(*b*) an Choimisiúin le linn éifeacht a thabhairt d'aon chinneadh de chuid an Choiste MLA, agus

(*c*) an Choiste MLA le linn a fheidhmeanna a chomhall faoi alt 8A(4),

leasanna tomhaltóirí leictreachais sa Stát agus i dTuaisceart Éireann arna sholáthar ag daoine údaraithe a chosaint, gach áit is cuí trí iomaíocht éifeachtach a chur chun cinn idir daoine atá ag gabháil do leictreachas a dhíol nó a cheannach tríd an Margadh Leictreachais Aonair, nó atá i ngníomhaíochtaí tráchtála i dtaca leis an gcéanna.

(2) Déanfaidh an tAire, an Coimisiún agus an Coiste MLA a bhfeidhmeanna faoi seach dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a chomhall sa tslí is fearr a mheasfaidh gach ceann acu chun an príomhchuspóir a chur chun cinn, ag féachaint don mhéid seo a leanas—

(*a*) an gá atá ann a áirithiú go bhfreastalófar ar gach éileamh réasúnach ar leictreachas sa Stát agus i dTuaisceart Éireann,

(*b*) an gá atá ann a áirithiú go mbeidh daoine údaraithe in ann na gníomhaíochtaí is ábhar do choinníollacha nó d'oibleagáidí a fhorchuirtear leis an Acht seo nó faoi, nó le Rialacháin an Mhargaidh Inmheánaigh nó fúthu, nó le haon fhoráil chomhréire de dhlí Thuaisceart Éireann nó fúithi, a mhaoiniú,

(*c*) an gá atá ann a áirithiú go ndéanfar feidhmeanna an Aire, an Choimisiúin, an Údaráis, agus na Roinne i ndáil leis an Margadh Leictreachais Aonair a fheidhmiú ar mhodh comhordaithe,

(*d*) an gá atá ann praghsáil thrédhearcach sa Mhargadh Leictreachais Aonair a chinntiú, agus

(*e*) an gá atá ann idirdhealú éagórach idir tomhaltóirí sa Stát agus tomhaltóirí i dTuaisceart Éireann a sheachaint.

(3) Féadfaidh an tAire, an Coimisiún agus an Coiste MLA, le linn dóibh aon cheann de na feidhmeanna a luaitear i bhfo-alt (1) a chomhall, aird a thabhairt ar leasanna tomhaltóirí sa Stát agus i dTuaisceart Éireann i ndáil le gás.

(4) Faoi réir fho-alt (2), déanfaidh an tAire, an Coimisiún agus an Coiste MLA na feidhmeanna a luaitear i bhfo-alt (1) a chomhall ar an modh is dóigh le gach n-aon acu is fearr—

(*a*) a dhéanfaidh éifeachtúlacht agus barainneacht ar thaobh daoine údaraithe a chur chun cinn,

(*b*) a áiritheoidh soláthar fuinnimh fadtéarma ilghnéitheach agus inmharthana atá inchothaithe ó thaobh an chomhshaoil de sa Stát agus i dTuaisceart Éireann,

(*c*) a chuirfidh taighde ar na nithe seo a leanas, agus a bhforbairt agus a n-úsáid, chun cinn—

(i) teicníochtaí nua ag daoine údaraithe nó thar a gceann, agus

(ii) modhanna chun éifeachtúlacht a mhéadú in úsáid agus i nginiúint leictreachais.

(5) Faoi réir fho-alt (2), déanfaidh an tAire, an Coimisiún agus an Coiste MLA, le linn dóibh aon cheann de na feidhmeanna a luaitear i bhfo-alt (1) a chomhall, aird a thabhairt—

(*a*) ar an éifeacht a bheadh ag gníomhaíochtaí daoine údaraithe ar an gcomhshaol sa Stát agus i dTuaisceart Éireann, agus

(*b*) ar an ngá, más cuí, atá ann úsáid fuinnimh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn.

(6) Le linn dóibh aon cheann de na feidhmeanna a luaitear i bhfo-alt (1) a chomhall ní dhéanfaidh an tAire, an Coimisiún ná an Coiste MLA idirdhealú go héagórach maidir le téarmaí agus coinníollacha—

(*a*) idir daoine údaraithe, nó

(*b*) idir daoine atá ag déanamh iarratais chun teacht chun bheith ina ndaoine údaraithe.

(7) San alt seo—

ciallaíonn 'duine údaraithe' sealbhóir ceadúnais nó díolúine faoi fhoráil den Acht seo a bhaineann le leictreachas nó faoi aon fhoráil chomhréire de dhlí Thuaisceart Éireann;

ciallaíonn 'feidhmeanna leictreachais'—

(*a*) feidhmeanna faoin Acht seo, agus

(*b*) feidhmeanna faoi Rialacháin an Mhargaidh Inmheánaigh,

ar feidhmeanna iad a bhaineann le leictreachas;

folaíonn 'inchothaithe ó thaobh an chomhshaoil de' an gá atá ann cúram a ghlacadh i gcoinne athrú aeráide;

tá le 'foinsí fuinnimh in-athnuaite' an bhrí chéanna atá leis i dTreoir 2003/54/CE an 26 Meitheamh 2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhrialacha le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh sa leictreachas agus lena n-aisghairtear Treoir 96/92/CE[1].".

Feidhmeanna a fheidhmiú maidir leis an Margadh Leictreachais Aonair.

10.—Leasaítear leis seo Acht 1999 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 9BC (a cuireadh isteach le *halt 9* den Acht seo):

"Feidhmeanna a fheidhmiú maidir leis an Margadh Leictreachais Aonair.

9BD.—Tabharfaidh an tAire, an Coimisiún agus an Coiste MLA aird ar an gcuspóir gur chóir go mbeadh comhlíonadh aon cheann dá bhfeidhmeanna faoi seach i ndáil leis an Margadh Leictreachais Aonair, a mhéid is dóigh leis an duine atá ag comhlíonadh na feidhme é a bheith praiticiúil sna himthosca, trédhearcach, cuntasach, i gcomhréir agus comhsheasmhach agus nach ndíreofar é ach amháin ar chásanna inar gá gníomhaíocht.".

Leasú ar alt 10A d'Acht 1999.

11.—Leasaítear alt 10A d'Acht 1999—

(*a*) i bhfo-alt (3)(*a*)—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach in ionad fhomhíreanna (ii) agus (iii):

"(ii) an Comhchoiste dá dtagraítear i mír 26 de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht seo,

(iii) an Coiste MLA, agus

(iv) aon duine eile is cuí leis an Aire,",

agus

[1]OJ Uimh. L176, 17.07.2003, lch. 37

(ii) chun "nó ón tráth foilsithe faoi mhír (*b*)," a chur in ionad "nó ón tráth foilsithe sin,",

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

"(3A) Déanfaidh an tAire, tar éis dréacht den ordachán beartaithe a thabhairt do na daoine dá dtagraítear i bhfo-alt (3)(*a*) agus tar éis dréacht den ordachán sin a fhoilsiú faoi fho-alt (3)(*b*), dréacht den ordachán beartaithe a sholáthar don Roinn.",

(*c*) i bhfo-alt (4) trí "Faoi réir fho-alt (4A), féadfaidh an tAire," a chur in ionad "Féadfaidh an tAire," agus

(*d*) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

"(4A) Ní thabharfaidh an tAire ordachán faoi fho-alt (1) i gcás go mbeidh an Coiste MLA tar éis a chur in iúl don Aire go ndéanfadh an t-ordachán beartaithe difear ábhartha, nó gur dhóigh dó difear ábhartha a dhéanamh, don Mhargadh Leictreachais Aonair.".

Ceadúnais.

12.—Leasaítear alt 14(1) d'Acht 1999—

(*a*) i bhfo-alt (1)—

(i) trí "nó alt 9BA" a chur isteach i ndiaidh "alt 9(1)(*d*)" i mír (*c*),

(ii) trí "nó alt 9BA" a chur isteach i ndiaidh "alt 9(1)(*d*)" i mír (*d*),

(iii) trí "idirnascaire a chothabháil, nó" a chur in ionad "idirnascaire a chothabháil," i mír (*i*), agus

(iv) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*i*):

"(*j*) chun gníomhú mar an t-oibritheoir Margaidh Leictreachais Aonair,".

(*b*) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2D):

"(2E) Féadfaidh cibé téarmaí agus coinníollacha maidir le rannpháirtíocht sa Mhargadh Leictreachais Aonair agus maidir lena oibriú, a mheasfaidh an Coimisiún is gá nó is fóirsteanach, a bheith i gceadúnas faoi fho-alt (1).

(2F) Féadfaidh an Coimisiún díolúine ón gceanglas ceadúnas a shealbhú chun gníomhú mar an t-oibritheoir Margaidh Leictreachais Aonair a dheonú do dhuine a shealbhaíonn ceadúnas chun feidhmeanna comhréire a chomhlíonadh i dTuaisceart Éireann.",

agus

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (14):

"(15) Chun críocha an ailt seo, gníomhaíonn duine mar an t-oibritheoir Margaidh Leictreachais Aonair más rud é go n-áirítear ar fhreagrachtaí an duine sin freagracht, de bhun an Chóid Trádála agus Socraithe faoin Margadh Leictreachais Aonair, as muirir agus íocaíochtaí eile atá dlite faoin gcód sin a ríomh.".

Cumhacht idirthréimhseach chun modhnú a dhéanamh ar choinníollacha ceadúnais maidir leis an Margadh Leictreachais Aonair, etc.

13.—Leasaítear Acht 1999 tríd an alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 14:

"Cumhacht idirthréimhseach chun modhnú a dhéanamh ar choinníollacha ceadúnais maidir leis an Margadh Leictreachais Aonair.

14A.—(1) Féadfaidh an Coimisiún, de réir an ailt seo, coinníollacha ceadúnais áirithe a mhodhnú i gcás go measann an Coimisiún gur gá nó gur fóirsteanach déanamh amhlaidh—

(*a*) chun an Margadh Leictreachais Aonair a chur i ngníomh, nó chun a oibriú a éascú, nó

(*b*) de dhroim na socruithe sin nó chun lánéifeacht a thabhairt dóibh.

(2) Folaíonn an chumhacht chun coinníollacha ceadúnais a mhodhnú faoin alt seo an chumhacht—

(*a*) chun modhnuithe a dhéanamh i ndáil le hoibriú an chórais tarchurtha nó an chórais dáilte, agus

(*b*) chun modhnuithe teagmhasacha, iarmhartacha nó idirthréimhseacha a dhéanamh.

(3) Maidir le coinníollacha a bheidh i gceadúnas de bhua na cumhachta a thugtar leis an alt seo—

(*a*) ní gá go mbainfidís leis an ngníomhaíocht a údaraítear leis an gceadúnas,

(*b*) féadfar a cheangal leo ar shealbhóir ceadúnais faoi alt 14(1)(*e*) na freagrachtaí dá dtagraítear in alt 14(15) a chur i gcrích agus iarratas a dhéanamh ar cheadúnas faoi alt 14(1)(*j*), nó a chur faoi deara do chuideachta chleamhnaithe nó d'fhochuideachta iarratas a dhéanamh ar cheadúnas faoi alt 14(1)(*j*), i cibé foirm a cheadóidh an Coimisiún,

(*c*) féadfar aon cheann de na nithe a údaraítear le halt 14 a dhéanamh leo,

(*d*) féadfar a cheangal leo ar shealbhóir ceadúnais cibé conarthaí nua nó socruithe eile, nó conarthaí nua nó socruithe eile chun cibé críoch nó de cibé tuairisc, a dhéanamh a bheidh

sonraithe sna coinníollacha nó a chinnfear leo nó fúthu,

(*e*) féadfaidh foráil a bheith iontu chun na téarmaí a chinneadh ar a ndéanfar na conarthaí nua nó na socruithe eile sin, lena n-áirítear téarmaí chun go mbeidh an conradh nó an socrú faoi rialú dlí seachas dlí an Stáit,

(*f*) féadfar a cheangal leo ar an sealbhóir ceadúnais cibé conarthaí nó socruithe eile láithreacha, nó conarthaí nó socruithe láithreacha eile de cibé tuairisc, a bheidh sonraithe sna coinníollacha nó a chinnfear leo nó fúthu, a leasú nó a fhoirceannadh, nó comhaontú iad a leasú nó a fhoirceannadh.

(4) Sula ndéanfaidh sé modhnuithe faoin alt seo, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle—

(*a*) le sealbhóir aon cheadúnais a bheidh á mhodhnú, agus

(*b*) le cibé daoine eile is cuí leis an gCoimisiún.

(5) Féadfar fo-alt (4) a chomhlíonadh trí chomhchomhairle roimh theacht i ngníomh don alt seo nó dá éis, nó roimhe agus dá éis araon.

(6) D'ainneoin alt 8A(4), féadfaidh an Coimisiún an chomhchomhairle dá dtagraítear i bhfo-ailt (4) agus (5) a sheoladh ar shlí seachas de réir alt 8A(4) i gcás go seoltar an chomhchomhairle i gcomhpháirt leis an Údarás.

(7) D'ainneoin alt 8A, féadfaidh an Coimisiún modhnuithe a dhéanamh faoin alt seo, faoi réir fho-alt (8), ar shlí seachas de réir alt 8A(4), ach sa chás sin rachaidh sé i gcomhairle leis an Údarás sula ndéanfaidh sé aon mhodhnú den sórt sin.

(8) Scoirfidh fo-ailt (6) agus (7) d'éifeacht a bheith leo i gcás go mbeidh an Coiste MLA dá dtagraítear in alt 8A arna cheapadh de réir Sceideal 1A, ach sin gan dochar d'aon nithe nó bearta a rinneadh sular scoir na fo-ailt sin d'éifeacht a bheith leo.

(9) Déanfaidh an Coimisiún aon mhodhnuithe faoin alt seo a fhoilsiú ar cibé modh is cuí leis.

(10) Maidir le cumhacht an Choimisiúin chun ceadúnas faoin alt seo a mhodhnú, ní ceadmhach í a fheidhmiú i ndiaidh dheireadh na tréimhse 2 bhliain dar tosach an lá a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh.

(11) Faoi réir fho-alt (12), ní dochar aon ní san alt seo do ghinearáltacht aon chumhachta eile chun ceadúnas a mhodhnú, agus ní dochar aon ní i bhfo-alt (2) nó (3) do ghinearáltacht fho-alt (1).

(12) I gcás go modhnaítear ceadúnas faoin alt seo, ní bheidh feidhm ag ailt 19 go 22 ná ailt 29 go 31 maidir le haon mhodhnú den sórt sin.".

Muirir Oibritheora Margaidh.

14.—Leasaítear Acht 1999 trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 36:

"Muirir Oibritheora Margaidh.

36A.—(1) Faoi réir fho-alt (2), déanfaidh an tOibritheoir Margaidh, laistigh de cibé am a ordóidh an Coimisiún, ráiteas a ullmhú, a bheidh le ceadú ag an gCoimisiún, ina leagfar amach an bonn ar a bhforchuirfear muirir i ndáil le rannpháirtíocht sna socruithe trádála faoin Margadh Leictreachais Aonair (dá ngairtear 'na socruithe trádála' san alt seo).

(2) Féadfaidh an Coimisiún ordacháin a thabhairt don Oibritheoir Margaidh ó am go ham i leith an fhorais le haghaidh muirear a fhorchuirtear i gcomhair rannpháirtíochta sna socruithe trádála.

(3) D'ainneoin ghinearáltacht fho-alt (2), féadfar, le hordacháin arna dtabhairt ag an gCoimisiún faoin alt seo, foráil a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) na modhanna muirearaithe a bheidh le cur san áireamh sa ráiteas a bheidh le hullmhú ag an Oibritheoir Margaidh,

(*b*) an fhoirm ina mbeidh faisnéis, agus méid na faisnéise, a bheidh le tabhairt ag an Oibritheoir Margaidh do dhaoine atá rannpháirteach sna socruithe trádála,

(*c*) foirm na muirear agus faisnéis faoi na muirir sin a bheidh le cur san áireamh sa ráiteas a bheidh le hullmhú ag an Oibritheoir Margaidh,

(*d*) an nós imeachta a bheidh le glacadh le linn don Oibritheoir Margaidh ráiteas muirear a chur isteach agus le linn don Choimisiún ráiteas den sórt sin a cheadú, agus

(*e*) an cineál faisnéise a bheidh le tabhairt do dhaoine a bheidh ag iarraidh a bheith rannpháirteach sna socruithe trádála, agus cur i láthair agus trédhearcacht na faisnéise sin, agus déanfaidh an tOibritheoir Margaidh de réir ordachán a thabharfaidh an Coimisiún faoin alt seo.

(4) Déanfar muirir a bhaineann le rannpháirtíocht sna socruithe trádála a ríomh de réir ordachán a thabharfaidh an Coimisiún faoin alt seo chun a chumasú don Oibritheoir Margaidh na nithe seo a leanas a ghnóthú—

(*a*) na costais agus na caiteachais a tabhaíodh go díreach nó go neamhdhíreach le linn na socruithe trádála a oibriú, agus

(*b*) ráta réasúnach toraidh ar chaiteachas caipitiúil atá ar áireamh sna costais sin.

(5) Is é an Coimisiún, agus an Coimisiún amháin, a chinnfidh cad is 'ráta réasúnach toraidh', dá dtagraítear i bhfo-alt (4)(*b*), ann.

(6) San alt seo agus in alt 36B, ciallaíonn 'Oibritheoir Margaidh' sealbhóir ceadúnais chun gníomhú mar an t-oibritheoir Margaidh Leictreachais Aonair arna dheonú faoi alt 14(1)(*j*) nó duine dár deonaíodh díolúine ón gceanglas ceadúnas den sórt sin a shealbhú de bhun alt 14(2F).

An Coimisiún do cheadú ráiteas muirear Oibritheora Margaidh.

36B.—(1) Cuirfidh an tOibritheoir Margaidh gach ráiteas arna ullmhú de réir alt 36A (dá ngairtear an 'ráiteas' san alt seo) chuig an gCoimisiún chun a cheadú a fháil agus ní bheidh feidhm ag an ráiteas sin, agus go háirithe ag aon mhuirir dá dtagraítear ann, go dtí cibé tráth a bheidh sé ceadaithe ag an gCoimisiún.

(2) Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Oibritheoir Margaidh agus tabharfaidh sé aird ar aon aighneacht a chuirfidh an tOibritheoir Margaidh faoi bhráid an Choimisiúin sula gcinnfidh sé, maidir le ráiteas arna chur faoi bhráid an Choimisiúin ag an Oibritheoir Margaidh lena cheadú, é a cheadú nó gan é a cheadú, de réir mar a bheidh.

(3) Ní bheidh éifeacht le ráiteas agus, go háirithe, le muirir dá dtagraítear ann, go dtí cibé tráth a cheadóidh an Coimisiún é, faoi réir cibé modhnuithe, más ann, is cuí leis an gCoimisiún.".

Measatachán ar chumas, sreabhadh tuartha agus luchtú.

15.—Leasaítear Acht 1999 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 38:

"Measatachán ar chumas, sreabhadh tuartha agus luchtú.

38.—(1) Ar thosach feidhme an ailt seo agus dá éis, agus i gceann cibé tréimhsí a ordóidh an Coimisiún, ullmhóidh an t-oibritheoir córais tarchurtha ráiteas, (ar a dtabharfar, agus dá ngairtear san Acht seo, 'ráiteas réamhaisnéise') a bheidh bunaithe ar an bhfaisnéis a bheidh ar fáil dó, i bhfoirm a bheidh ceadaithe ag an gCoimisiún.

(2) Beidh ar áireamh i ráiteas réamhaisnéise réamhaisnéisí maidir le cumas, sreabhadh tuartha agus luchtú ar gach cuid de chóras tarchurtha an oibritheora córais tarchurtha agus leibhéil lochta do gach nód tarchurtha leictreachais mar aon leis na nithe seo a leanas:

(*a*) cibé faisnéis bhreise a mbeidh gá léi le réasún chun a chumasú d'aon duine a bheidh ag iarraidh an córas tarchurtha nó dáilte a úsáid na deiseanna atá ar fáil le linn cur i gceangal leis an gcóras tarchurtha nó dáilte agus úsáid a bhaint as a shainaithint agus a mheas;

(*b*) ráiteas ina sainaithneofar na codanna sin de chóras tarchurtha an oibritheora córais tarchurtha is feiliúnaí do chur i gceangal nua agus do chainníochtaí breise leictreachais a iompar;

(*c*) an cumas giniúna is dóigh a chuirfear i gceangal leis an gcóras tarchurtha;

(*d*) an t-éileamh ar leictreachas sa tréimhse lena mbaineann an ráiteas; agus

(*e*) ráiteas maidir leis an éileamh ar leictreachas a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite, inchothaithe nó malartacha i gcoitinne agus ráiteas maidir le socruithe chun leictreachas a sholáthar do chustaiméirí a roghnaigh leictreachas den sórt sin a cheannach.

(3) Féadfaidh an t-oibritheoir córais tarchurtha an fhaisnéis a bheidh leagtha amach i ngach ráiteas réamhaisnéise a athleasú ó am go ham agus, le toiliú an Choimisiúin, foirm gach ráitis réamhaisnéise a athrú agus déanfaidh sé, uair sa bhliain ar a laghad, na ráitis sin a athleasú.

(4) Déanfaidh an t-oibritheoir córais tarchurtha cóip de ráiteas réamhaisnéise agus de gach athleasú ar an ráiteas réamhaisnéise faoi fho-alt (3) a thabhairt don Choimisiún.

(5) Faoi réir fho-alt (6), déanfaidh an t-oibritheoir córais tarchurtha cóip de ráiteas réamhaisnéise nó, de réir mar a bheidh, den athleasú is déanaí ar an ráiteas réamhaisnéise, a thabhairt d'aon duine a iarrfaidh cóip den ráiteas nó de na ráitis sin laistigh de cheithre lá dhéag ón dáta a fuarthas an iarraidh.

(6) Féadfaidh an t-oibritheoir córais tarchurtha, le toiliú roimh ré ón gCoimisiún, aon sonraí faoi rún maidir leis an gcumas, maidir le luchtú nó maidir le faisnéis eile a fhágáil ar lár as ráiteas réamhaisnéise arna thabhairt faoi fho-alt (4) más rud é, i dtuairim an Choimisiúin, go ndéanfadh nochtadh na faisnéise sin dochar do leasanna

tráchtála an oibritheora córais tarchurtha nó aon duine eile.

(7) Féadfaidh an t-oibritheoir córais tarchurtha muirear, de mhéid nach mó ná an t-uasmhéid a shonróidh an Coimisiún chun críche an fho-ailt seo, a ghearradh i leith gach ráitis réamhaisnéise arna thabhairt faoi fho-alt (4).

(8) San alt seo, is é a bheidh sa tréimhse lena mbaineann ráiteas réamhaisnéise seacht mbliana féilire ar an dáta agus tar éis an dáta a ullmhóidh an t-oibritheoir córais tarchurtha an ráiteas.

(9) Rachaidh an t-oibritheoir córais tarchurtha i gcomhairle le hOibritheoir Chóras Thuaisceart Éireann gach ócáid a ullmhóidh sé nó a athróidh sé ráiteas réamhaisnéise.

(10) Déanfar ullmhú aon phlean de réir an ailt seo, a mhéid is indéanta, a chomhordú le hullmhú aon doiciméid choibhéisigh arna ullmhú ag Oibritheoir Chóras Thuaisceart Éireann agus déanfar na pleananna sin, a mhéid is féidir, a ullmhú ar bhonn comhsheasmhach.

(11) San alt seo—

ciallaíonn 'Oibritheoir Chóras Thuaisceart Éireann' sealbhóir ceadúnais tarchurtha, arna dheonú faoi Airteagal 10(1)(*b*) den Ordú Leictreachais (Tuaisceart Éireann) 1992, atá arna ainmniú ag an Údarás, ó am go ham, mar an t-oibritheoir córais tarchurtha i gcomhair Thuaisceart Éireann.".

Modhnuithe ar cheadúnais agus ar údaruithe agus sáruithe ar théarmaí agus ar choinníollacha ceadúnais.

16.—(1) Leasaítear Acht 1999—

(*a*) in alt 20(4)(*a*),

(*b*) in alt 21(2)(*a*),

(*c*) in alt 22(3)(*b*),

(*d*) in alt 24(10)(*a*),

(*e*) in alt 25(2)(*a*),

trí "sa Stát, agus (i gcás go mbaineann an modhnú beartaithe leis an Margadh Leictreachais Aonair) i dTuaisceart Éireann, agus" a chur in ionad "sa Stát, agus" gach áit a bhfuil na focail sin sna forálacha sin.

(2) Leasaítear alt 20 d'Acht 1999 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8)—

"(9) I gcás go mbaineann modhnú leis an Margadh Leictreachais Aonair beidh aird chuí ag an gCoimisiún i bhfeidhmiú a chuid feidhmeanna dó faoin alt seo agus faoi ailt

21 go 23 ar a inmhianaithe atá modhnuithe dá samhail (lena n-áirítear modhnuithe dá samhail i dTuaisceart Éireann) ag a bhfuil éifeacht an tráth céanna.".

Socruithe agus comhaontuithe a bhaineann leis an gcóras tarchurtha agus le Gréasáin Tarchurtha Uile-Oileáin.

17.—Leasaítear Acht 1999 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 34A (a cuireadh isteach le halt 8 den Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006):

"Socruithe agus comhaontaithe a bhaineann leis an gcóras tarchurtha agus le Gréasáin Tarchurtha Uile-Oileáin.

34B.—(1) I gcás go mbeidh an Margadh Aonair Leictreachais i ngníomh, féadfaidh an Coimisiún a ordú don oibritheoir córais tarchurtha féachaint le cibé socruithe a dhéanamh agus a choimeád i bhfeidhm, is socruithe is gá—

(*a*) chun a chumasú don oibritheoir córais tarchurtha, faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a shonróidh an Coimisiún in aon ordachán, comhaontú maidir le ceangal a dhéanamh leis an gcóras tarchurtha nó maidir le húsáid a bhaint as na Gréasáin Tarchurtha Uile-Oileáin a thairiscint d'aon duine a dhéanfaidh iarratas de bhun alt 34(1),

(*b*) chun a chumasú d'Oibritheoir Chóras Thuaisceart Éireann comhaontú maidir le ceangal a dhéanamh le Córas Tarchurtha Thuaisceart Éireann nó maidir le húsáid a bhaint as na Gréasáin Tarchurtha Uile-Oileáin a thairiscint d'aon duine a dhéanfaidh iarratas chuig Oibritheoir Chóras Thuaisceart Éireann.

(2) Féadfaidh an Coimisiún rialacháin a dhéanamh chun críocha fho-alt (1).

(3) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (2), féadfar le rialacháin faoi fho-alt (2)—

(*a*) na nithe úd a fhorordú a bhféadfaidh an Coimisiún ordacháin a dhéanamh ina leith lena n-áirítear, gan teorainn, ordacháin—

(i) i ndáil leis an mbonn ar a mbeidh íocaíochtaí le déanamh ag an oibritheoir córais tarchurtha le hOibritheoir Chóras Thuaisceart Éireann agus ag Oibritheoir Chóras Thuaisceart Éireann leis an oibritheoir córais tarchurtha, i ngach cás i ndáil le ceangal a dhéanamh leis an gcóras tarchurtha, ceangal a dhéanamh le Córas Tarchurtha Thuaisceart Éireann agus i ndáil le húsáid na nGréasán Tarchurtha Uile-Oileáin, agus

(ii) i ndáil leis an modh ar a gcinnfear an cion de na costais a bheidh le híoc ag an duine a bheidh ag déanamh iarratais ar cheangal a dhéanamh leis an gcóras tarchurtha agus an cion a bheidh le híoc ag an oibritheoir córais tarchurtha,

(*b*) na himthosca a fhorordú ina bhféadfaidh an t-oibritheoir córais tarchurtha diúltú tairiscint a thabhairt d'iarratasóir comhaontú a dhéanamh chun ceangal a dhéanamh leis an gcóras tarchurtha nó úsáid a bhaint as na Gréasáin Tarchurtha Uile-Oileáin,

(*c*) na himthosca a fhorordú ina bhféadfaidh an t-oibritheoir córais tarchurtha diúltú tairiscint a dhéanamh ar chomhaontú a dhéanamh le hOibritheoir Chóras Thuaisceart Éireann de bhun fho-alt (1),

(*d*) socrú a dhéanamh maidir le díospóidí a réiteach idir an t-oibritheoir córais tarchurtha agus aon iarratasóir ar thairiscint ar chomhaontú a dhéanamh chun ceangal a dhéanamh leis an gcóras tarchurtha nó chun úsáid a bhaint as na Gréasáin Tarchurtha Uile-Oileáin nó aon duine a mbeidh comhaontú déanta aige nó aici leis an oibritheoir córais tarchurtha chun ceangal a dhéanamh leis an gcóras tarchurtha nó chun úsáid a bhaint as na Gréasáin Tarchurtha Uile-Oileáin,

(*e*) socrú a dhéanamh maidir le díospóidí a réiteach idir an t-oibritheoir córais tarchurtha agus Oibritheoir Chóras Thuaisceart Éireann i dtaca le haon chomhaontú a dhéanfar nó a fhéachfar lena dhéanamh de bhun fho-alt (1),

(*f*) socrú a dhéanamh maidir leis an mbonn ar a gcinnfear muirir as ceangal a dhéanamh leis an gcóras tarchurtha agus as úsáid a bhaint as na Gréasáin Tarchurtha Uile-Oileáin, agus

(*g*) na himthosca (más ann) a fhorordú ina leanfaidh an t-oibritheoir córais tarchurtha de bheith faoi oibleagáid tairiscint a thabhairt ar chomhaontú a dhéanamh chun ceangal a dhéanamh leis an gcóras tarchurtha nó chun úsáid a bhaint as an gcóras tarchurtha de bhun alt 34(1).

(4) San alt seo—

ciallaíonn 'Gréasáin Tarchurtha Uile-Oileáin' an córas tarchurtha mar aon le Córas Tarchurtha Thuaisceart Éireann;

ciallaíonn 'Oibritheoir Chóras Thuaisceart Éireann' sealbhóir ceadúnais tarchurtha, arna dheonú faoi Airteagal 10(1)(*b*) den Ordú um Leictreachas (Tuaisceart Éireann) 1992, atá arna ainmniú ag an Údarás, ó am go ham, mar an t-oibritheoir córais tarchurtha i gcomhair Thuaisceart Éireann;

beidh le 'Córas Tarchurtha Thuaisceart Éireann' an bhrí a thugtar don téarma 'córas tarchurtha' sa cheadúnas arna dheonú d'Oibritheoir Chóras Thuaisceart Éireann faoi Airteagal 10(1)(*b*) den Ordú um Leictreachas (Tuaisceart Éireann) 1992.".

Leasú ar Sceideal 1 a ghabhann le hAcht 1999.

18.—Leasaítear Sceideal 1 a ghabhann le hAcht 1999 tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 7:

"7A.—Aon chomhalta den Choimisiún a cheapfar chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Choiste MLA arna bhunú le halt 8A, nó de Choiste comhréire i dTuaisceart Éireann, ní mheasfar, chun críocha mhír 7, aon oifig eile nó aon fhostaíocht eile a bhfuil díolaíochtaí iníoctha ina leith a bheith ina sheilbh aige nó ina seilbh aici.".

Sceideal 1A (An Coiste Margaidh Leictreachais Aonair) a chur ag gabháil le hAcht 1999.

19.—Leasaítear Acht 1999 tríd an ábhar sa Sceideal a ghabhann leis an Acht seo a chur isteach i ndiaidh Sceideal 1 mar Sceideal 1A d'Acht 1999.

Leasú ar alt 6 den Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006.

20.—Leasaítear mír (*c*) den Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006 (lena leasaítear alt 14(1)(*d*) d'Acht 1999 le héifeacht ó lá a cheapfar faoi alt 1(2) den Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006) trí "alt 9(1)(*d*) nó alt 9BA" a chur in ionad "alt 9(1)(*d*).".

AN SCEIDEAL

Alt 19.

Sceideal 1A a ghabhann le hAcht 1999

"SCEIDEAL 1A

An Coiste Margaidh Leictreachais Aonair

1. Is é a bheidh ar an gCoiste MLA—

(*a*) triúr ar a mhéad a cheapfaidh an tAire tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún,

(*b*) triúr ar a mhéad a cheapfaidh an tAire, le ceadú na Roinne,

(*c*) duine (an 'comhalta neamhspleách') a cheapfaidh an tAire le ceadú na Roinne agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún,

(d) faoi réir fhorálacha mhír 3, i gcás go mbeidh duine ceaptha faoin mír sin, an duine sin (an 'leaschomhalta neamhspleách').

2. (*a*) Beidh duine a cheapfar faoi mhír (1)(*a*) ina chomhalta nó ina comhalta den Choimisiún.

(*b*) Beidh duine a cheapfar faoi mhír (1)(*b*) ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás, nó ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis.

3. Féadfaidh an tAire, le ceadú na Roinne agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, duine a cheapadh (an 'leaschomhalta neamhspleách')—

(*a*) a fhéadfaidh freastal ar chruinnithe den Choiste MLA agus páirt a ghlacadh iontu, ach

(*b*) nach bhféadfaidh vótáil ar aon ní ach amháin nuair nach mbeidh an comhalta neamhspleách i láthair.

4. Tá feidhm ag míreanna 5 go 12 maidir leis an leaschomhalta neamhspleách de réir mar atá feidhm acu maidir leis an gcomhalta neamhspleách.

5. (*a*) Faoi réir an Sceidil seo, beidh na comhaltaí i seilbh oifige, agus scarfaidh siad le hoifig, de réir théarmaí a gceapacháin.

(*b*) Is é nó is í an tAire a chinnfidh na téarmaí ceapacháin sin, le ceadú an Aire Airgeadais agus na Roinne.

6. Ní cheapfar duine mar chomhalta go ceann téarma is faide ná 5 bliana.

7. Aon duine a bheidh i seilbh oifige mar chomhalta, féadfaidh sé nó sí éirí as an oifig sin trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Aire agus don Roinn.

8. Féadfaidh an tAire aon duine a bheidh i seilbh oifige mar chomhalta neamhspleách a chur as oifig le ceadú na Roinne ar fhorais éagumais nó mí-iompair.

9. Aon duine a bheidh i seilbh oifige mar chomhalta faoi mhír 1(*a*)—

(*a*) féadfaidh an tAire é nó í a chur as oifig—

(i) ar fhorais éagumais nó mí-iompair, nó

(ii) ar iarraidh ón gCoimisiún,

(*b*) scoirfidh sé nó sí de bheith i seilbh oifige má scoireann sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Choimisiún.

10. Aon duine a bheidh i seilbh oifige mar chomhalta faoi mhír 1(*b*)—

(*a*) féadfaidh an tAire é nó í a chur as oifig le toiliú na Roinne—

(i) ar fhorais éagumais nó mí-iompair, nó

(ii) ar iarraidh ón Údarás,

(*b*) scoirfidh sé nó sí d'oifig a shealbhú má scoireann sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás nó ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis.

11. Ní dhéanfaidh ceapachán cheana mar chomhalta difear d'incháilitheacht duine chun a cheaptha nó chun a ceaptha chun na hoifige sin.

12. (*a*) Íocfaidh an Coimisiún cibé luach saothair a chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais leis na daoine a cheapfar faoi mhír 1(*c*) agus 3.

(*b*) Íocfaidh an Coimisiún leis na comhaltaí cibé liúntais taistil agus liúntais eile a chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

13. (*a*) Féadfaidh an Coiste MLA fochoistí a bhunú.

(*b*) Féadfaidh daoine nach comhaltaí den Choiste MLA a bheith ar fhochoiste den Choiste MLA.

14. (*a*) Faoi réir fhorálacha an Sceidil seo, féadfaidh an Coiste MLA a nósanna imeachta féin a rialáil.

(*b*) Déileálfar le duine chun críocha na nósanna imeachta sin mar dhuine atá i láthair ag cruinniú den Choiste MLA, más rud é, de réir socruithe a dhéantar faoi na nósanna imeachta sin, gur féidir leis an duine sin na daoine go léir atá páirteach sa chruinniú a chloisteáil agus gur féidir leis na daoine sin eisean nó ise a chloisteáil.

(*c*) Féadfar cruinniú den Choiste MLA a sheoladh lasmuigh den Stát.

(*d*) Ní dhéanfaidh aon fholúntas nó aon fholúntais ina chomhaltas ná aon locht ar cheapachán aon chomhalta dochar do bhailíocht aon ní a dhéanfaidh an Coiste MLA.

15. Is mar a leanas a bheidh an córam do chruinniú den Choiste MLA—

(*a*) an comhalta neamhspleách (nó an leaschomhalta neamhspleách) agus comhalta amháin eile, nó

(*b*) comhalta amháin a cheapfar faoi mhír 1(*a*) agus comhalta amháin a cheapfar faoi mhír 1(*b*).

16. (*a*) Féadfar ní a chinneadh trí chomhaontú—

(i) chomhaltaí uile an Choiste MLA (cibé acu atá nó nach bhfuil siad ag cruinniú), nó

(ii) chomhaltaí uile an Choiste MLA atá i láthair ag cruinniú.

(*b*) Más rud é, ag aon chruinniú den Choiste MLA, nach mbeidh na comhaltaí go léir atá i láthair ar aon aigne maidir le haon ní a bheidh le cinneadh ag an gcruinniú sin, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas den mhír seo.

(*c*) Cuirfear an ní chun vótála agus féadfar é a chinneadh le tromlach na vótaí a chaithfear.

(*d*) Chun na críche seo beidh 3 vóta ann—

(i) a mbeidh vóta amháin acu ag an gcomhalta neamhspleách (nó ag an leaschomhalta neamhspleách) má tá sé nó sí i láthair,

(ii) a mbeidh vóta amháin acu ag na comhaltaí arna gceapadh faoi mhír 1(*a*) atá i láthair, agus

(iii) a mbeidh vóta amháin acu ag na comhaltaí arna gceapadh faoi mhír 1(*b*) atá i láthair.

(*e*) Ní bheidh aon vóta réitigh ann, agus, dá réir sin, i gcás comhionannas vótaí a bheith caite ní chinnfear an ní ag an gcruinniú (ach féadfar an ní a chinneadh ag cruinniú is déanaí).

(*f*) I ndáil le vóta a bheidh le caitheamh faoi chlásal (ii) nó (iii) de mhír (*d*)—

(i) i gcás go mbeidh na comhaltaí go léir atá luaite sa chlásal lena mbaineann ar aon aigne maidir leis an gcaoi a mbeidh an vóta le caitheamh, caithfear an vóta ar an gcaoi sin,

(ii) i gcás go mbeidh tromlach na gcomhaltaí sin ar aon aigne maidir leis an gcaoi a mbeidh an vóta le caitheamh, caithfear an vóta ar an gcaoi sin,

(iii) in aon chás eile, ní chaithfear aon vóta.

(*g*) Ní difear d'fheidhm mhír 15 aon ní sa mhír seo.

17. (*a*) Aon ní a údaraítear don Choiste MLA a dhéanamh nó a cheanglaítear air a dhéanamh, féadfaidh—

(i) aon chomhalta den Choiste MLA atá údaraithe chun na críche sin ag an gCoiste, cibé acu i gcoitinne nó go sonrach, é a dhéanamh,

(ii) aon fhochoiste de chuid an Choiste MLA atá údaraithe amhlaidh é a dhéanamh, nó

(iii) aon chomhalta d'fhoireann an Choimisiúin nó an Údaráis atá údaraithe amhlaidh é a dhéanamh.

(*b*) Níl feidhm ag fomhír (*a*)(ii) maidir le fochoiste a bhfuil ar áireamh i measc a chomhaltaí aon duine nach comhalta, nó nach comhalta foirne, den Choimisiún nó den Údarás.".